



THE LABOUR COURT
An Chúirt Oibreachais

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2025

Arna Cur i Láthair an Aire Fiontar, Turasóireachta
agus Fostaíochta faoi Alt 23(1) den Acht
um Chaidreamh Tionscail 1946



An Chéad Mholadh ón gCúirt Oibreachais

(1)

CÓRAS IOMPAIR ÉIREANN (DUBLIN ROAD FREIGHT DEPT.) TRADE DISPUTE

The Court has heard representatives of the employers and workers concerned in this dispute, and has also heard representatives of the Irish Transport and General Workers' Union of which the workers are members and which readily gave its assistance to the Court in the investigation.

All three parties concerned in the case agree that a cessation of work, whether by strike or lock-out, before every reasonable opportunity has been availed of to settle differences by discussion and negotiation, is highly undesirable. The Court expresses its decided agreement with this view. Strikes undertaken without due notice or without proper consideration by, and authority from, the union concerned, and threats of summary dismissal or lock-out, inflict losses upon the employers, the public and the workers which ought to be avoided, and undermine the whole structure of collective bargaining on which good industrial relations depend.

From this point of view the Court is of opinion that there ought not to have been a stoppage of work in this case. But the Court's investigation has shown that, while the relations between the Company and the trade union are in general normal and friendly, nevertheless there have been circumstances affecting the road freight service which have given rise to misunderstandings and suspicions between the management and the workers, and that the introduction of the time-sheet to which the workers took exception was the occasion rather than the real cause of the stoppage of work. The investigation has enabled the Court to assist in clearing up these misconceptions and in laying a basis for the better understanding and close co-operation which is the best guarantee of discipline and efficiency.

The Court, therefore, recommends:-

- (1) that the workers should continue to operate the experimental time-sheet system introduced by the Company, as they have done since they resumed work pending the investigation by the Court, and that, in view of the loss of pay the men have already incurred, the Company should not seek to impose any penalty on them;
- (2) that not later than 31st December, 1946, the system should be reviewed by the Company in consultation with the men's trade union so that, if continued, it may be modified or improved as experience on both sides may suggest; and
- (3) that if agreement is not reached as a result of this review the matter should be referred to the Court.

(Signed) R. J. P. MORTISHED

10 October, 1946.

Clár na nÁbhar

Réamhrá an Chathaoirligh	2
Seomra Cúirte Evelyn Owens	4
An Chúirt Oibreachais	5
An Chúirt Oibreachais de réir Figiúirí	5
Feidhmeanna na Cúirte Oibreachais	7
Struchtúr na Cúirte Oibreachais	8
Foireann na Cúirte Oibreachais	9
For-rochtain na Cúirte Oibreachais	11
Tuarascálacha Seirbhíse	12
Athbhreithniú ar Chearta Fostaíochta in Éirinn in 2025	12
Athbhreithniú ar Chaidreamh Tionsclaíoch in Éirinn in 2025	14
Caidreamh Tionsclaíoch – Coistí, Orduithe agus Comhaontuithe	16
Seirbhísí Inmheánacha na Cúirte Oibreachais	27
Bainistíocht Airgeadais	27
Seirbhís do Chustaiméirí	27
Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus 2021	27
Rialáil Níos Fearr	28
Ráiteas um Ghníomhú ar an Aeráid agus um Inbhuanaitheachta	28
Meabhrán Tuisceana	28
Dualgas na hEarnála Poiblí um Chearta an Duine agus Comhionannas	29
Aguisíní	30
Aguisín 1: Forbhreathnú ar Thuarascáil Bhliantúil Staitisticí 2025	30
Aguisín 2: Caidreamh Tionsclaíoch	34
Aguisín 3: Staitisticí maidir le cearta fostaíochta	36
Aguisín 4: Comhchomhairlí Tionscail Cláraithe	39
Aguisín 5: Tuarascáil Airgeadais don bhliain 2025	40
Aguisín 6: Clár Oibre na Cúirte Oibreachais don bhliain 2025	41
Aguisín 7: Tuilleadh eolais	42

Réamhrá an Chathaoirligh


Ráiteas Misin

“Socruithe ardchaighdeán, cothroma agus neamhchlaonta a sholáthar chun díospóidí tionsclaíoch a réiteach agus chun achomhairc i ndíospóidí a chinneadh bunaithe ar an dlí fostaíochta.”



Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na Cúirte Oibreachais don bhliain 2025 a thabhairt isteach agus mo chéad Réamhrá mar Chathaoirleach a chur i láthair. Ghlac mé seilbh ar Chathaoirleacht na Cúirte Oibreachais i mí Aibreáin 2025, ag glacadh mar oidhreacht ar mhaoirseacht institiúide a bhfuil 79 bliain de stair aici maidir le caidreamh comhchuí a chur chun cinn idir oibrithe agus fostóirí. Cosúil le mo réamhtheachtaithe, táim tiomanta do phróifíl na Cúirte a choimeád mar eadránaí iontaofa agus oibiachtúil idir páirtithe atá faoi dhíospóid, cibé acu i seachadadh moltaí i gcaidreamh tionsclaíoch, nó i gcinntí ceangailteacha faoin reachtaíocht um chearta fostaíochta.

Is é fócas na Cúirte tacú le dea-chaidreamh fostaíochta sa gheilleagar trí réiteach éifeachtach díospóide. Cuid riachtanach de seo is ea rannpháirtíocht chuiditheach le fostóirí, oibrithe, ceardchumannn, ionadaithe fostóirí agus comhlachtaí dlí. Sa chomhthéacs sin, agus mar chuid dár ngealltanais for-rochtana, d'fhreastail mé agus ghlac mé páirt i roinnt seimineár agus comhdhálacha agus bhuail mé le comhlachtaí agus eagraíochtaí ionadaíocha i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd go léir a d'fhreastail ar na cruinnithe seo agus a d'éascaigh iad.



Agus muid ag breathnú ar aghaidh, téann an chúirt isteach sa bhliain atá le teacht – ár gcomóradh 80 bliain - le taifead láidir gnóthachtála, in ainneoin ualach cásanna atá ag éirí níos casta. Sa tuarascáil bhliantúil seo, lena híomhá “reitreo”, tugtar onóir do chuma thuarascálacha bliantúla luatha na Cúirte le ‘súil siar’ ar chéad chinneadh na Cúirte i mí Dheireadh Fómhair 1946 agus tagairtí stairiúla eile ar fud na Tuarascála. Ceann de chéad ghníomhartha na Cúirte in 1946 ná ráiteas a eisiúint a chuir béim ar a neamhspleáchas - bunchloch riachtanach de chuid na Cúirte atá fós chomh hábhartha sa lá atá inniu ann.

Gníomhaíochtaí na Cúirte in 2025

Is iad Comhaltaí na Cúirte, ar sealbhóirí oifige reachtúla iad arna gceapadh ag an Aire Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, a sheachadann feidhmeanna reachtúla na Cúirte. Tá trí Rannán againn faoi láthair. Príomhthosaíocht le linn 2025 ab ea seachadadh seirbhíse a choinneáil, d'ainneoin roinnt príomhfholúntas.

Lean príomhoibríochtaí na Cúirte Oibreachais ar aghaidh in 2025 leis an obair chun achomhairc agus tarchuir a phróiseáil, ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre; éisteachtaí na Cúirte a sceidealú agus na cinntí agus na moltaí ina dhiaidh sin a fhoilsiú. Bhí laghdú 11% ar líon na n-achomharc/na dtarchur chuig an gCúirt. Mar sin féin, ní gá gurb ionann an laghdú seo agus laghdú ar an ualach oibre, mar gheall ar chastacht mhéadaithe agus laethanta suí a theastaíonn chun roinnt achomharc a chur i gcrích. As na 992 achomharc/tarchur a fuarthas, ba achomhairc ar chinntí maidir le cearta fostaíochta iad 775 (78%), agus ba tharchuir faoi reachtaíocht caidrimh thionsclaíoch iad 217 (22%).

Leagann an patrún tarchur seo, nuair a dhéantar grinnschrúdú air, béim ar an tábhacht fhorleathan a bhaineann le réiteach éifeachtach ar dhíospóidí tionsclaíocha. Is gnách go mbíonn díospóidí idir grúpaí oibrithe agus a bhfostóir i gceist le tarchur den sórt sin, agus cé go bhfuil na cásanna cearta fostaíochta níos líonmhaire, is gnách go mbíonn tionchar níos leithne ag tarchur caidrimh thionsclaíoch, toisc gur féidir leis an toradh dul i bhfeidhm ar go leor oibrithe ar fud earnálacha éagsúla. In 2025, phléigh an Chúirt le díospóidí tionsclaíocha a chlúdaigh thart ar 21,000 oibrí san iomlán. Ardaíonn an figiúr seo níos mó ná 90,000 nuair a chuirtear ról na Cúirte i gcruthú Orduithe Rialaithe Fostaíochta san áireamh. Leagann sé seo béim ar an ról ríthábhachtach atá ag an 'chúirt rogha dheiridh' maidir le cobhsaíocht thionsclaíoch na tíre a chothabháil.

Is féidir tuilleadh sonraí a fháil sna rannóga caidreamh tionsclaíoch agus cearta fostaíochta sa Tuarascáil seo.

Bhí líon ard éisteachtaí ag an gCúirt - go réigiúnach agus i mBaile Átha Cliath araon - agus bhí 1,018 sceidealaithe. Ba 53 líon na n-éisteachtaí a reáchtáladh sa Seomra Cúirte Fíorúil, agus éisteadh le 35 cás trí úsáid a bhaint as an tsaoráid Seomra Cúirte Hibrideach, rud a ligeann do pháirtithe nó d'fhinnéithe nach raibh in ann freastal ar éisteacht go pearsanta páirt a ghlacadh inti trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht. Thug an teicneolaíocht seo deis éisteachtaí a chur ar siúl a d'fhéadfaí a chur siar murach sin toisc go mbeadh ar fhinnéithe taisteal go hÉirinn don éisteacht. Bhain 18 éisteacht le húsáid ateangairí teanga.

Athruithe ar Chomhaltas na Cúirte le linn 2025

- Ba bhliain í 2025 inar imigh roinnt daoine ón gCúirt, lena n-áirítear imeacht mo réamhtheachtaí Kevin Foley tar éis 9 mbliana sa ról.
- Chuaigh Comhalta na bhFostóirí, Sylvia Doyle, ar scor ag deireadh 2025 freisin, tar éis di a bheith ceaptha in 2009.
- Chuir an Chúirt fáilte roimh Chláraitheoir nua, Maura McKenna, i mí Iúil. D'oibrigh Maura don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre roimhe seo.
- Tá ualach oibre na Cúirte faoi réir athbhreithniú leanúnach. Tá an Chúirt ag obair le trí Rannán faoi láthair.

In 2025, phléigh an Chúirt le díospóidí tionsclaíocha a chlúdaigh thart
ar 21,000
oibrí san iomlán.

Aitheantas

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do ghairmiúlacht, tiomantas agus saineolas mo chomh-Chomhaltaí Cúirte, a bhfuil a dtaithí agus a mbreithiúnas comhchoiteann bunúsach do cháilíocht obair na Cúirte. Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil freisin leis an gCláraitheoir agus le foireann riaracháin/tacaíochta na Cúirte Oibreachais as a dtiomantas leanúnach d'obair na Cúirte le linn 2025. Is é an tosaíocht atá agamsa agus ag an bhfoireann go léir ná seirbhís phoiblí den scoth a sholáthar.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht a thug an Ceann Riaracháin, an tUas. Robert Furlong, dom féin agus don Chúirt i rith na bliana. D'fhóin an tUasal Furlong mar Cheann Riaracháin na Cúirte go dtí mí na Nollag 2025.

Tá an tacaíocht a thugann an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta don Chúirt ríthábhachtach do sheachadadh fheidhmeanna reachtúla na Cúirte. Tá caidreamh na Cúirte leis an Roinn cuiditheach i gcónaí. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hArd-Rúnaí na Roinne, Declan Hughes, as an tacaíocht riachtanach sin a sholáthar, agus buíochas a ghabháil freisin le Yvonne White, Ard-Rúnaí Cúnta sa rannán um Rialáil Áite Oibre agus Imirce Eacnamaíoch (RÁOIE) agus a foireann as a dtacaíocht i rith na bliana.

Louise O'Donnell
Cathaoirleach

Seomra Cúirte Evelyn Owens

In 2025, thug an Chúirt onóir dár n-iar-Chathaoirleach, Evelyn Owens, nach maireann.

Tá baill agus foireann na Cúirte bródúil as an méid a rinne Evelyn leis an Stát, lena n-áirítear trína ról i ngluaiseacht na gceardchumann, mar sheanadóir i Seanad Éireann agus mar an chéad bhean a bhí i seilbh oifige mar Chathaoirleach na Cúirte Oibreachais.

Sa ról deireanach sin bhí sí i gceannas ar an gCúirt le gradam agus chuir sí go mór le saol oibre oibrithe, fostóirí agus le hoibriú an gheilleagair i gcoitinne.

Dá bhrí sin, in onóir shaothar agus shaol Evelyn, ainmníodh príomhsheomra cúirte na Cúirte Oibreachais i dTeach Lansdún mar *"Seomra na Cúirte Evelyn Owens"* le héifeacht ón 7 Márta 2025. Reáchtáil an Chúirt ócáid don fhoireann agus thug sí cuireadh d'aíonna sa seomra cúirte an ócáid a chomóradh.

Ba é seo an chéad uair a ainmníodh seomra cúirte de chuid na Cúirte in aon áitreabh in onóir d'aon duine. Táimid bródúil go gcuirfear cloch mhíle shuntasach eile le scéal Evelyn anois.

Tá *portráid de Evelyn anois i "Seomra na Cúirte Evelyn Owens"* a tharraing iar-chomhghleacaí de chuid na Cúirte Oibreachais, Orla Collender, agus a atáirgeadh anseo.




An Chúirt Oibreachais

An Chúirt Oibreachais in Uimhreacha (2025)



Suíomhanna Éisteachtaí na Cúirte Oibreachais 2025

Léiríonn an léarscáil líon na n-éisteachtaí sceidealaithe i ngach suíomh i rith na bliana




Feidhmeanna na Cúirte Oibreachais

Is comhlacht neamhspleách um réiteach díospóidí san ionad oibre í an Chúirt Oibreachais, a chuireann seirbhís chuimsitheach ar fáil chun díospóidí a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch agus cearta fostaíochta a réiteach.

I ndíospóidí maidir le caidreamh tionsclaíoch, feidhmíonn sí mar bhinse a éistean leis an dá thaobh le díospóid agus a eisíonn moladh i scríbhinn ina leagtar amach a tuairim ar fhiúntais na díospóide agus conas ba chóir an díospóid ar leith a réiteach. Táthar ag súil go ndéanfaidh na páirtithe sa díospóid breithniú dáiríre ar mholadh na Cúirte.

I gcásanna cearta fostaíochta, éistean an Chúirt le hachomhairc ar chinntí Oifigeach Breithnithe faoi gach ceann de na reachtanna éagsúla dlí fostaíochta. Baineann na cásanna seo le teidlíochtaí reachtúla oibrithe, dá bhrí sin, eisíonn an Chúirt Oibreachais cinntí i scríbhinn atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus infhorfheidhmithe ar na páirtithe. Is féidir le ceachtar páirtí cinntí a tharchur chuig an Ard-Chúirt, trí achomharc ar phointe dlí nó trí athbhreithniú breithiúnach ar imeachtaí na Cúirte.

Tarchuir chuig an gCúirt Oibreachais




*Féach Aguisíní 2 agus 3 le haghaidh tuilleadh sonraí faoi tarchuir chuig an gCúirt.

Struchtúr na Cúirte Oibreachais

In 2025, bhí 10 gComhalta lánaimseartha sa Chúirt Oibreachais: Cathaoirleach, triúr Leas-Chathaoirleach agus seisear Gnáthchomhaltaí, ar Comhaltaí Fostóra iad triúr acu agus ar Comhaltaí Oibrí iad triúr acu.

Faigheann an Chúirt Oibreachais tacaíocht ina feidhm ó Sheirbhís Cláraitheora agus riaracháin ar a bhfuil fostaithe buana ar státseirbhísigh iad agus atá mar chuid de bhunú foirne na Roinne Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta.



Foireann na Cúirte Oibreachais



Grianghraf de Chomhaltaí Reatha na Cúirte

Ina seasamh: Ó chlé go deas – Teresa Hannick, Niamh McGowan (chuaigh isteach i mí Aibreáin 2026), Gavin Marie, Maura McKenna (Cláraitheoir), Naledi Bisiwe (chuaigh isteach i mí an Mhárta 2026), Paul Bell. Ina suí: Ó chlé go deas – Katie Connolly, Paul O'Brien, Louise O'Donnell, Alan Haugh, Clare Treacy.



Grianghraf den Bhainistíocht Riaracháin

Ó chlé go deas – Ruth Norton (chuaigh isteach in Eanáir 2026), Maura McKenna, Roisin Collins, Ultan Dillon.



Grianghraf den Fhoireann Riaracháin

Ina Seasamh sa Líne Chúl: Ó chlé go deas – Adam Byrne, Ian Crawford, Brian O’Flaithearta, Aidan Ralph, Luke Brennan. Ina Seasamh sa Líne Lár: Damien Drennan, Sharon Byrne, Fiona Corcoran, Ultan Dillon, Amy Leonard, Maura McKenna. Ina Suí sa Líne Tosaigh: Roisin Collins, Therese Hickey, Ruth Norton, Julie Nicholl Flood, Ceola Cronin, Aine Maunsell.


For-rochtain na Cúirte Oibreachais

Déanann an Chúirt Oibreachais, mar chomhlacht achomhairc aonair na hÉireann le haghaidh díospóidí san ionad oibre, breithniú ar dhíospóidí caidrimh thionsclaíoch bunaithe ar ús (comhchoiteann agus aonair) agus ar dhíospóidí dlí fostaíochta atá bunaithe ar chearta an duine aonair.

Creideann an Chúirt go gcruthaíonn tógáil agus forbairt faisnéise agus eolais i measc a bonn úsáideoirí faoina seirbhísí agus faoin gcaoi a dtéann sí i mbun a dualgas reachtúla Cúirt inrochtana agus inúsáidte dóibh siúd a thagann os a comhair.

Chomh maith lena gníomhaíochtaí ar na meáin shóisialta, chaith an Chúirt am agus acmhainní ag freastal ar sheimineáir agus ar chomhdhálaí agus ag glacadh páirt iontu, ag bualadh le grúpaí úsáideoirí agus a gcomhlachtaí agus a gcumann ionadaíoch, ag labhairt le mic léinn agus le hinstiúidí oideachais agus éisteachtaí cúirte saothair bréige a éascú.

Léiríonn an ghrafaic thíos an éagsúlacht eagraíochta a raibh an sásamh ag an gCúirt idirghníomhú léi trína gníomhaíochtaí for-rochtana le linn 2025.



Tuarascálacha Seirbhíse

Athbhreithniú ar Chearta Fostaíochta in Éirinn in 2025

Forbhreathnú

Bhí bliain ghnóthach eile ag an gCúirt Oibreachais (“an Chúirt”) in 2025 agus phléigh sí 775 achomharc um chearta fostaíochta ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

In 2025, b’ionann reachtaíocht um Chearta Fostaíochta agus 78% de na cásanna a tháinig chun na Cúirte. Bhí 1018 éisteacht san iomlán sceidealaithe ag an gCúirt, bhí 5% díobh sceidealaithe i seomra cúirte fíorúil agus 3.5% díobh ina n-éisteachtaí hibrídeacha. Ba iad na hachomhairc reachtúla ba choitianta ná cásanna maidir le Dífhostú Éagórach, Comhionannas Fostaíochta, Íoc Pá, agus an Achta um Eagrú Ama Oibre.

In 2025, b’ionann reachtaíocht um Chearta Fostaíochta agus
78%
de na cásanna a tháinig chun na Cúirte.

Phléigh cuid de na hachomhairc shuntasacha os comhair na Cúirte le hidirdhealú aoise, le hathchur a bhreithniú mar leigheas agus cur i bhfeidhm thástáil Karshan i gcás a bhaineann le caidreamh trípháirteach. Leagtar amach thíos léargas gairid ar chuid de na cásanna seo.

Rinneadh achomhairc shuntasacha ó thaobh an dlí de ar chinntí Cúirte chuig an Ard-Chúirt in *Charpentier i gcoinne Verizon Ireland Ltd* [2025] IEHC 628 (*Charpentier*) agus *Debenhams Retail Ireland (Faoi Leachtú) i gcoinne Jane Crowe* [2025] IEHC141 (*Debenhams*). Bhain na cásanna le gnéithe sonracha den dlí a bhaineann faoi seach le Comhairlí Oibreacha Eorpacha (COEnna) agus le comhiomarcaíochtaí.

Cé gur chinn an Ard-Chúirt go ndearna an Chúirt earráid ina léirmhíniú cúng ar an dlí in *Charpentier*, ba é seo an chéad chás Éireannach a scrúdaigh an *tAcht Trasnáisiúnta um Fhaisnéis agus Comhairliúchán Fostaithe 1996* (TICEA) agus *Treoir 2009/38/CE an AE* maidir le COEnna. [Tráth scríofa na tuarascála seo, tugadh cead achomharc a dhéanamh chun na Cúirte Uachtaraí]

In *Debenhams*, thug breithiúnas na hArd-Chúirte soiléiriú ar léirmhíniú na gceanglas comhairliúcháin i gcásanna comhiomarcaíochta agus rinneadh trácht go háirithe ar an gcur chuige cuí maidir le cúiteamh as sárúithe ar an *Acht um Chosaint Fostaíochta, 1977*.

I mí na Samhna 2025, dheimhnigh cinneadh CBAE na *Danmhairge i gcoinne an Pharlaimint agus an Chomhairle*, Cás C-19/23 maidir leis an Treoir um Pá Íosta Leordhóthanach bailíocht fhormhór na Treorach. Fuarthas amach gurb ionann Airteagal 5(2) agus Airteagal 5(3) den Treoir agus cur isteach díreach le dlí an Aontais maidir le pá a chinneadh agus mar sin cuireadh ar neamhní iad. Rud atá tábhachtach ó thaobh na hÉireann de, ní raibh tionchar ag an mbreithiúnas ar chur chun cinn na cómhargála, mar a cheanglaítear leis an Treoir.

Cásanna maidir le Cearta Fostaíochta 2025

Seirbhís Phríosúin na hÉireann i gcoinne Don Culliton, EDA256

Dhiúltaigh an Chúirt achomharc ag líomhain idirdhealú aoise ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann mar gheall ar éagothroime pá idir an t-achomharcóir agus comparadóir ar leibhéal stiúrthóra.

Dhírigh argóint an achomharcóra ar fhógra poist go háirithe an riachtanas maidir le "taithí bhainistíochta 7 mbliana ar a laghad i réimse cúraim sláinte/sláinte nó i réimse gaolmhar," agus d'áitigh sé gurbh ionann é sin agus "ionadaí aoise" agus idirdhealú díreach dá bhrí sin.

Cé go ndearna an bheirt acu obair ar chomhluach, chinn an Chúirt gur tháinig an pá níos airde ó cheapachán dleathach an chomparáideora chuig ról stiúrthóra, áit a raibh údar oibiachtúil le critéar incháilitheachta malartach de sheacht mbliana taithí bainistíochta cúram sláinte mar gheall ar dhúshláin earcaíochta le linn díláraithe. Dhiúltaigh an Chúirt don argóint gur "ionadaí aoise" a bhí sa cheanglas seo agus ghlac sí le cúiseanna bona fide an Fhreagróra maidir leis na critéir agus socrú an tuarastail. Sheas an Chúirt le cinneadh an CCÁO nach raibh aois ina fhachtóir ábhartha sa difríocht luach saothair. Chinn an Chúirt freisin gur cuireadh an fógra suas thart ar dheich mbliana sular tháinig an Gearánach chun bheith ina fhostaí ag an bhFreagróir agus tuairim is cúig bliana déag roimh thús na tréimhse a chuimsítear san éileamh faoin Acht.

An Garda Síochána i gcoinne Tom Ronan, EDA2560

Chuir an Chúirt cinneadh ón CCÁO ar leataobh a chinn go ndearnadh idirdhealú in aghaidh tiománaí sibhialta sa Gharda Síochána ar fhorais aoise nuair ab éigean dó dul ar scor agus é 70 bliain d'aois. Chinn an Chúirt nach raibh scor éigeantach an ghearánaigh ag 70 bliain d'aois idirdhealaitheach ach gur cur i bhfeidhm bheartas an stáit é. Thug an Chúirt dá haire go bhfuil an Chúirt Uachtarach i *Mallon i gcoinne An tAire Dlí agus Cirt, Éire agus an tArd-Aighne* [2024] IESC 20 tar éis seasamh le beartas an Stáit maidir le haois scoir éigeantach 70 bliain d'aois mar bheartas atá ag teacht go hiomlán le dlí-eolaíocht CBAE. [Rinneadh achomharc ar an gcás chuig an Ard-Chúirt].

An Roinn Oideachais i gcoinne Piggott, TED255

Lorg teagascóir baile aitheantas go raibh conradh seirbhíse acu leis an Roinn Oideachais. Chinn an Chúirt nach raibh na socruithe a bhí i bhfeidhm ag teacht le conradh fostaíochta idir an Gearánach agus an Freagróir. Níor ghníomhaigh an Roinn ach mar ghníomhaire párolla ag riar deontais a íocadh le tuismitheoirí a d'fhostaigh teagascóirí go díreach. Ag cur na *gCoimisinéirí Ioncaim i bhfeidhm i gcoinne Karshan (Lár na Tíre) Ltd T/A Domino's Pizza* [2023] IESC 24, chinn an Chúirt nach raibh smacht leordhóthanach ag an Roinn ar an gcaoi ar cuireadh an tseirbhís teagaisc ar fáil agus nach raibh aon oibleagáid chonarthaigh ar an Roinn an teagascóir a íoc faoin scéim deontais a cuireadh ar fáil. Níor aontaigh an gearánach go pearsanta obair ná seirbhísí a chur i gcrích don Roinn. Dhearbhaigh an Chúirt cinneadh an Oifigigh Breithnithe nach raibh bunús maith leis an ngearán.

Contemporary Music Centre Clg i gcoinne Linda O'Shea Farren, UDD2538

D'admhaigh an Freagróir go raibh an dífhostú éagórach, ag an CCÁO agus ag an gCúirt araon. Lorg an t-achomharcóir athchur. Chinn an Chúirt nach leigheas cuí sa chás seo é athchur nó athfhostú agus rinne an Chúirt tagairt do *O'Siurd v. Fuair Bord Bainistíochta* [2024] IESC 38 gurbh é cúiteamh an leigheas cuí. Bhí an Chúirt sásta freisin gur cheart méid iomlán an chaillteanas airgeadais a laghdú 30% chun na bearta a ghlac an Gearánach chun a caillteanas a mhaolú a léiriú agus d'athraigh sí cinneadh an Oifigigh Breithnithe. [Rinneadh achomharc ar an gcás chuig an Ard-Chúirt]

Athbhreithniú ar Chaidreamh Tionsclaíoch in Éirinn in 2025

Forbhreathnú

Bhí bliain ghnóthach eile ag an gCúirt Oibreachais in 2025 ag déileáil le díospóidí tionsclaíocha a chlúdaigh thart ar 21,000 oibrí. Rinneamar trí Ordú Rialaithe Fostaíochta a phróiseáil freisin - an earnáil Glantacháin Conarthaí a chlúdaíonn 20,000 oibrí, an earnáil Slándála a chlúdaíonn 16,000 agus an earnáil Luathfhoghlama a chlúdaíonn 35,000. Bhain tríocha faoin gcéad de na cásanna a cuireadh faoi bhráid na Cúirte in 2025 le comhtharchuir de chineál comhargála ó Oibrithe agus Fostóirí. Chlúdaigh siad seo roinnt saincheisteanna lena n-áirítear comhaontuithe pá, atheagrú, agus timthriallta sealaíochta. Chuaigh an Chúirt i dteagmháil freisin le roinnt páirtithe ar réitíodh a gcuid saincheisteanna sular eisíodh Moladh ón gCúirt Oibreachais.

Bhain **30%** de na cásanna a cuireadh faoi bhráid na Cúirte in 2025 le comhtharchuir de chineál comhargála ó Oibrithe agus Fostóirí.

Léiríonn an méid seo a leanas léargas ar na díospóidí ar dhéileáil an Chúirt leo in 2025:

CD/25/121 Bus Éireann agus cúig Cheardchumann

Ba éileamh é seo maidir le roinnt saincheisteanna lena n-áirítear ardú pá, méadú ar liúntas oibre oíche agus méadú ar íocaíochtaí substaintí níos airde. Glacadh le moladh na Cúirte Oibreachais, a rinne foráil d'arduithe pá 6.75% thar an dá bhliain féilire 2025 agus 2026, chomh maith le híocaíochtaí cothabhála níos airde agus liúntas oibre oíche méadaithe, le corrlach 62% i mballóid chomhiomlán de na cúig cheardchumann.

CD/25/97 Kyte Powertech agus SIPTU

Thacaigh breis agus 400 oibrí SIPTU le moladh ón gCúirt Oibreachais CD/25/97 ar phá ag an monaróir páirteanna mótarfheithicil atá lonnaithe sa Chabhán le corrlach 81%.

Mhol an Chúirt margadh pá dhá bhliain de 7.75%, in dhá chéim de 4.5% ón 1 Eanáir 2025, agus 3.25% ón 1 Eanáir 2026, le méadú beag ar íocaíochtaí dearbhán.

D'fhan gnéithe eile de thogra níos luaithe ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi thograí na Cúirte, lena n-áirítear 'cleachtadh deisce tagarmharcála' leanúnach atá á dhéanamh ag measúnóir neamhspleách comhaontaithe, faoina bhféadfadh líon suntasach oibrithe leas a bhaint as.

CD/25/123 Seirbhís Náisiúnta Otharchairr (NAS) and SIPTU /UNITE

Roimh éisteacht na Cúirte, bhí comhaontú substaintiúil maidir leis an gclár nuachóirithe comhaontaithe i gcainteanna idir SIPTU/UNITE agus an bhainistíocht, arna éascú ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Ach cuireadh moill ar an síniú deiridh mar gheall ar theip ag an nóiméad deireanach maidir le cibé an gcuirfí scála pá nua do pharaimeachaineoirí i bhfeidhm de réir a chéile – mar a bhí á lorg ag an mbainistíocht – nó á chur i bhfeidhm in aon iarracht amháin, mar a bhí glactha ag na ceardchumann. Chuir an Fostóir i gcoinne éileamh na nOibrithe ar aisghabháil freisin.

Mhol an Chúirt Oibreachais go dtabharfaí isteach na scálaí pá a comhaontaíodh ag an CCÁO ón 1 Lúnasa, 2025 – agus ní ar bhonn céimnithe, mar a bhí molta ag taobh an fhostóra. Níor mhol an Chúirt i bhfabhar éileamh na gceardchumann ar aisghabháil.

Diúltaíodh do mholadh na Cúirte Oibreachais le ballóid na nOibrithe agustá na saincheisteanna fós gan réiteach.

Bord na Móna agus SIPTU CD/24/331

Bhain an t-ábhar os comhair na Cúirte le héileamh pá ó SIPTU thar ceann tiománaithe, cúntóirí agus oibrithe ginearálta. Lorg an t-éileamh feabhsuithe freisin i leith pinsin, pá breoiteachta agus laethanta saoire. Chuaigh an comhaontú pá deireanach idir na páirtithe in éag an 31 Márta 2024. Bhí comhaontú pá á lorg ar feadh tréimhse trí bliana a rachadh in éag an 31 Márta 2027. Reáchtáil an Chúirt éisteachtaí an 16 Eanáir 2025 agus an 24 Feabhra 2025. Tugadh cuireadh do na páirtithe aighneacht bhreise a dhéanamh roimh an éisteacht an 24 Feabhra 2025.

Tar éis don Chúirt breithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí i scríbhinn a fuarthas, na haighneachtaí ó bhéal a rinneadh ag na héisteachtaí, chomh maith le toradh cleachtaidh tagarmharcála a bhí coimisiúnaithe ag na páirtithe a moladh mar seo a leanas:

Gan aon mhéadú breise ar na híocaíochtaí a rinneadh cheana féin in 2024, a bhí idir 3.5% agus 6.00%. Ón 1 Aibreán 2025, ardú pá 3% do gach grád seachas cúntóirí a gheobhaidh ardú 6% agus ón 1 Aibreán 2026, gheobhaidh gach grád ardú pá 3.25%. Tá an comhaontú le dul in éag ar an 31 Márta 2027.

Dúirt an Chúirt freisin gur cheart do na páirtithe dul i mbun oibre go háitiúil ar scéim bónais agus athruithe ar an scéim a iniúchadh a ghinfeadh íocaíochtaí leis an bhfoireann. Ghlac na hOibrithe leis an moladh seo.

Caidreamh Tionsclaíoch – Coistí, Orduithe agus Comhaontuithe

Comhchoistí Oibreachais

Déanann na hAchtanna Caidrimh Thionscail 1946–2015 foráil do Chomhchoistí Oibreachais (CCOnna), a leagann síos íosrátaí pá reachtúla agus coinníollacha fostaíochta in earnálacha ar leith trí Orduithe Rialaithe Fostaíochta (ORFanna).

Tá CCO comhdhéanta d'ionadaithe fostóirí agus oibrithe, arna gceapadh ag an gCúirt, agus cathaoirleach neamhspleách arna cheapadh ag an Aire. Nuair a dhréachtaíonn CCO tograí ORF, ní mór dó iad a fhoilsiú agus aighneachtaí ón bpobal a lorg. Tar éis dó aon aighneachtaí a bhreithniú, féadfaidh an CCO na tograí a leasú agus a ghlacadh. Seoltar chuig an gCúirt iad ansin mar aon le tuarascáil ón gcathaoirleach agus gach doiciméad tacaíochta. Má cheadaíonn an Chúirt na tograí, cuirtear ar aghaidh chuig an Aire iad. Nuair a bheidh sé sásta go bhfuil na ceanglais reachtúla go léir comhlíonta, déanfaidh an tAire ORF a thugann éifeacht dhlíthiúil do na tograí.

Bhí na CConna seo a leanas i bhfeidhm in 2025.

- | | |
|-------------------------------------|--|
| 1. Oibrithe Talmhaíochta | 6. Gnó Miondíola, Grósaera agus Gaolmhar |
| 2. Lónadóireacht | 7. Tionscal Slándála |
| 3. Seirbhísí Glantacháin ar Conradh | 8. Earnáil Scoileanna Béarla |
| 4. Gruagaireacht | 9. Seirbhísí Luathbhlianta |
| 5. Óstáin | |

Moladh san athbhreithniú is déanaí faoi Alt 41A den Acht Caidrimh Thionscail, 1946 ('an tAcht') a críochnaíodh ar an 12 Aibreán 2023 go gcoinneofaí na CConna go léir a raibh ina n-ábhar don Athbhreithniú ina bhfoirm reatha. Le haghaidh tuilleadh sonraí féach ar www.labourcourt.ie.

Seo a leanas gníomhaíocht an CCO/ORF in 2025:

- Tháinig Ordú nua um Rialáil Fostaíochta (ORF), a leasaíonn ORF 2024 don Tionscal Slándála, i bhfeidhm ar an 22 Iúil 2025 ([IR Uimh. 326 de 2025](#)). Socraíonn sé seo na híosrátaí pá reachtúla agus coinníollacha eile do dhaoine atá fostaithe in earnáil an tionscail slándála.
- Tháinig an tOrdú Rialaithe Fostaíochta (Comhchoiste Oibreachais an Tionscail Glantacháin Conarthaí) 2025 (ORF) i bhfeidhm ar an 17 Deireadh Fómhair 2025 ([IR Uimh. 430 de 2025](#)). Cúlghairtear leis an ordú seo ordú 2024. Socraíonn an ORF seo na híosrátaí pá reachtúla agus coinníollacha fostaíochta eile d'oibrithe atá fostaithe sa tionscal glantacháin conartha.
- Tháinig Orduithe Rialála Fostaíochta (ORF) nua i bhfeidhm don earnáil Luathfhoghlama agus Cúraim Leanaí an 13 Deireadh Fómhair ([I.R. Uimh. 477 & 478 de 2025](#)) agus leasaíonn sé Ordú 2024 d'oibrithe éagsúla in Earnáil na Seirbhísí Luathbhlianta. Déanann sé seo foráil d'íosrátaí pá in aghaidh na huaire agus coinníollacha eile fostaíochta san earnáil.

Comhchomhairlí Tionscail

Is comhlacht deonach caibidlíochta é “*Comhchomhairle Tionscail cháilithe*” (CCT) do thionscal nó do chuid de thionscal, atá ionadaíoch d'fhostóirí agus d'oibrithe. Má chomhlíonann sé na coinníollacha atá leagtha amach sa reachtaíocht um chaidreamh tionscail, féadfaidh sé iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Oibreachais ar chlárú agus, má shásaítear í, cuirfidh an Chúirt ar Chlár na gComhchomhairlí Tionscail é.

Éascaíonn an Chúirt Oibreachais na CCTanna trí oifigeach de chuid na Cúirte a chur ar fáil chun gníomhú mar rúnaí ag a gcruinnithe. Tá mionsonraí ar na CCTanna sin atá cláraithe leis an gCúirt ón 31 Nollaig 2025 san áireamh in [Aguisín 4](#).

Comhaontuithe Fostaíochta Cláraithe (CFC)

Bunaíonn an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015 meicníocht reachtúil chun comhaontuithe fostaíochta a chlárú idir fhostóirí agus ceardchumann a rialaíonn téarmaí agus coinníollacha fostaíochta ar leibhéal fiontair. Sainmhíníonn an tAcht comhaontú fostaíochta mar chomhaontú idir fhostóir amháin nó níos mó (nó ceardchumann fhostóirí) agus ceardchumann amháin nó níos mó a bhaineann le luach saothair nó coinníollacha fostaíochta oibrithe, nach bhfuil ceangailteach ach ar na páirtithe sa chomhaontú agus ar an aicme, an cineál nó an grúpa oibrithe sonraithe. Sa chás gur deimhin leis an gCúirt Oibreachais go gcomhlíontar na ceanglais reachtúla, féadfaidh sí an comhaontú a chlárú, rud a fhágann go mbeidh a forálacha infheidhmithe go dlíthiúil i leith na n-oibrithe go léir lena mbaineann sé.

Le linn 2025, rinne an tAire Talmhaíochta [iarratas](#) ar an gComhaontú Fostaíochta Cláraithe (Tréidliachta Éireann) a athrú le comhaontú Tréidliachta Éireann i mí Iúil 2025. Cuireadh moladh chun an t-ordú a athrú chuig an Aire i Meán Fómhair 2025 agus síníodh ina dhlí é i mí Eanáir 2026.

Fuarthas [iarratas](#) i mí Dheireadh Fómhair 2025 ó Cheardchumann Connect maidir le hathrú an Chomhaontaithe Fostaíochta Cláraithe don Tionscal Líne Chumhachta Lastuas.

Orduithe Fostaíochta Earnála

Soláthraíonn Orduithe Fostaíochta Earnála (OFEnna) arna ndéanamh faoin Acht um Chaidreamh san Áit Oibre, 2015 creat reachtach a cheadaíonn Orduithe Reachtúla a dhéanamh lena bhforáiltear d'íosrátaí pá, saoire bhreiteachta agus pinsin a chur i bhfeidhm ar oibrithe d'aicme, de chineál nó de ghrúpa (lena n-áirítear printísigh) in earnáil eacnamaíoch shonraithe. Ní mór nós imeachta um réiteach díospóide a bheith in OFE freisin agus gníomhaíonn sé mar sin chun comhchuibheas thionsclaíoch a chur chun cinn agus chun corraíl thionsclaíoch a íoslaghdú.

Ar iarratas a fháil, féadfaidh an Chúirt Oibreachais scrúdú a thionscnamh ar phá, pinsin agus teidlíochtaí pá breiteachta oibrithe in earnáil ar leith agus, má mheasann sí gur cuí sin, féadfaidh sí moladh a dhéanamh don Aire ar an ábhar.

Má tá an tAire sásta gur chomhlíon an Chúirt forálacha an Achta Caidrimh Thionscail (Leasú), 2015, déanfaidh sé/sí an tOrdú. I gcás go ndéanfar Ordú den sórt sin beidh sé ina cheangal ar fud na hearnála lena mbaineann sé.

Le linn 2025, tar éis iarratas a fháil ó cheardchumann oibrithe, thug an Chúirt Oibreachais fógra go raibh sé ar intinn aici scrúdú a dhéanamh ar Théarmaí agus Coinníollacha san earnáil Seandálaíochta Tráchtála de bhun Alt 15 den Acht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2015.

[Earnáil na Seandálaíochta Tráchtála - An Chúirt Oibreachais](#)





An chéad suí den Chúirt Oibreachais, 23 Meán Fómhair 1946

Ó chlé go deas (ina suí) – Francis Vaughan Buckley (Leas-Chathaoirleach), Thomas Johnson (Comhalta na nOibrithe), Cathal O'Shannon (Comhalta na nOibrithe), R.J.P. Mortishead (Cathaoirleach), Peter McLoughlin (Comhalta na bhFostaithe) agus William M. Bruce (Comhalta na bhFostaithe). Bruce (Comhalta na bhFostaithe)



An Chúirt Oibreachais in 2026

Ina seasamh: Ó chlé go deas – Teresa Hannick, Niamh McGowan (chuaigh isteach i mí Aibreáin 2026), Gavin Marie, Maura McKenna (Cláraitheoir), Naledi Bisiwe (chuaigh isteach i mí an Mhárta 2026), Paul Bell. Ina suí: Ó chlé go deas – Katie Connolly, Paul O'Brien, Louise O'Donnell, Alan Haugh, Clare Treacy.

Ráiteas na Cúirte ag a Cruinniú Tionscnaimh

21

APPENDIX I.

STATEMENT BY THE COURT AT INAUGURAL MEETING HELD ON 23rd SEPTEMBER, 1946.

The Industrial Relations Act of 1946 is brought into operation to-day and the Labour Court functions from this date.

The Act is described by its long title as "an Act to make further and better provision for promoting harmonious relations between workers and their employers and for this purpose to establish machinery for regulating rates of remuneration and conditions of employment and for the prevention and settlement of trade disputes, and to provide for certain other matters connected with the matters aforesaid."

The Court has thought it proper that at this first public sitting the Chairman, on behalf of the Court, should make statement of the spirit in which the Court approaches its task and of the general principles by which it hopes always to be inspired.

The functions of the Court are determined by the statute under which it is set up and we can neither diminish nor extend them. They are functions of great importance to the general welfare. We are all conscious of the responsibility—the very heavy responsibility—that is laid upon us. But we feel that the responsibility will not be unduly onerous, because it does not rest on us alone but on all those who, whether in their participation in the actual work of the Court or in discharge of their duties outside, are concerned with the conduct of industrial relations.

By the passage of the Industrial Relations Act the Oireachtas effected a very noteworthy change. It has transferred from a Government Department to a specially constituted Court the responsibility for securing a reasonable adjustment and settlement of differences between employers and workers by negotiation, discussion and agreement between the parties. Two essential facts should be stressed. This Court is an independent body, independent of the Government and of every other body. Further, it is so constituted that representatives of employers and workers take part on a basis of equality in all its work. The Act may be regarded as an expression of industrial or vocational self-government. It is based on the principle that whenever possible employers and workers should reach a right and reasonable settlement of their differences by discussion and negotiation, directly between their organisations or through machinery they have set up by mutual agreement in the form of a joint industrial council or otherwise, and to meet the case where there is no other machinery that can be used for this purpose or where the machinery that does exist has failed to be fully effective, the Act

establishes this Court. When agreement between the two sides is reached, the Act enables it to be made fully effective through the registration of the agreement with the Court. But the Act does not empower the Court or any other body to impose a settlement; it leaves either side free to press its case to the extreme if it feels that the issues involved are important enough to warrant it in doing so. The inspiration of all proceedings under the Act is co-operation and the Court is confident that it will receive from all parties the loyal co-operation it will itself endeavour to give to them.

The Court is not an ordinary Court of Law. But it is a Court—a Court of reasonableness and fair dealing and of as high a degree of social justice as circumstances permit us to attain. Our proceedings must, therefore, be conducted with due dignity and decorum, but also in the atmosphere of friendliness and goodwill that should prevail among those engaged in collaboration on a common task. We shall expect the spokesmen of both sides to defend the rights and further the interests of those they represent with all the earnestness of genuine conviction. We shall expect them also to bear in mind, along with their responsibility to their constituents, their responsibility to the country of which we are all citizens. We shall look for, and we shall value, accuracy and lucidity in the exposition of facts and cogency and persuasiveness in argument; we shall not be impressed by mere rhetoric or cleverness in debate. What we shall value most will be plain commonsense and a sense of proportion. Our aim will be always to find a basis for real and substantial agreement.

Our task will not be easy. Success in it will not be achieved by the efforts of the Court alone. Sometimes it may not be achieved at all. But we trust that fair and reasonable agreement will be the objective of all of us at all times.

It will probably be convenient to give a brief description of the general nature of the Act under which we are working.

Agreements between employers and workers governing wages and conditions of work may be registered with the Court subject to the fulfilment of certain conditions and in particular to the condition that they make provision for settlement of disputes by negotiation before resort to a strike or lock-out. When registered, such agreements become binding on the employers in the particular trade concerned and for the particular area named. Provision is made for the cancellation of such registered agreements on request.

